AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.1.2022
COM(2022) 12 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le feidhmiú na gcumhachtaí a tarmligeadh don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, de bhun Airteagail 6(6), 7(6) agus 27 de Threoir 2016/798

1. Réamhrá

Tugtar cumhachtaí don Choimisiún, le hAirteagail 6(6) agus 7(6) de Threoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le sábháilteacht iarnróid[1], gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos le hAirteagal 27 go ceann tréimhse 5 bliana, dar tús an 15 Meitheamh 2016, tréimhse a fhadófar go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid.

De dheasca na staide urghnáiche gan choinne arb í ráig COVID-19 ba chúis léi, tugadh tréimhse bhreise do Bhallstáit an Aontais Eorpaigh chun trasuí Threoir (AE) 2016/798 a thabhairt i gcrích, sin trí bhíthin ghlacadh Threoir (AE) 2020/700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 2020 lena leasaítear Treoracha (AE) 2016/797 agus (AE) 2016/798, a mhéid a bhaineann lena dtréimhsí trasuí a fhadú[2]. Ina theannta sin, leis an Treoir leasaitheach sin cuireadh dhá fhoráil nua le Treoir (AE) 2016/798, mar atá, Airteagal 6a agus Airteagal 27a.

Le hAirteagal 6a de Threoir (AE) 2016/798, tugtar de chumhacht don Choimisiún dátaí chur i bhfeidhm na ngníomhartha tarmligthe a glacadh faoi Airteagal 6(6) de Threoir (AE) 2016/798 a ailíniú leis an sprioc-am trasuí fadaithe (tarmligean teoranta ó thaobh ama). An chumhacht na gníomhartha sin a ghlacadh, is ón 28 Bealtaine 2020 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2020 a thugtar í. Le hAirteagal 27a de Threoir (AE) 2016/798 leagtar amach nós imeachta speisialta práinne chun na gníomhartha sin a ghlacadh.

Baineann an tuarascáil seo leis na cumhachtaí tarmligthe a ndéantar cur síos orthu thuas. Liostaítear inti na gníomhartha a ghlac an Coimisiún agus é ag feidhmiú na gcumhachtaí sin.

2. Bunús dlí na tuarascála

De bhun Airteagal 27(2) de Threoir (AE) 2016/798, bhí sé de cheangal ar an gCoimisiún tuarascáil a tharraingt suas i leith tharmligean na gcumhachtaí faoin 15 Meán Fómhair 2020.

Mar atá mínithe thuas, áfach, de thairbhe ráig COVID-19, rinneadh bearta chun cumhachtaí tarmligthe an Choimisiúin a leathnú. Mar gheall air sin, más déanach an tuarascáil seo tá sí níos cuimsithí, nó cumhdaíonn sí feidhmiú shraith iomlán na gcumhachtaí tarmligthe.

3. An tarmligean mar a feidhmíodh

Léirítear sa tábla seo a leanas na cumhachtuithe ábhartha:

Cumhachtuithe i dTreoir (AE) 2016/798	Cur síos ar an gcumhachtú maidir le gníomhartha tarmligthe
Airteagal 6(6) i gcomhar le hAirteagal 6(1)	Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 27, a bhaineann le hinneachar na Modhanna Comhchoiteanna Sábháilteachta i dtaca leis an méid seo a leanas: • na modhanna meastóireachta agus measúnaithe riosca; • na modhanna chun measúnú a dhéanamh ar an gcomhréireacht leis na ceanglais atá sna deimhnithe

[1] IO L 138, 26.5.2016, lch. 102

[2] IO L 165, 27.5.2020, lch. 27

	sábháilteachta agus sna húdaruithe sábháilteachta arna n-eisiúint i gcomhréir le hAirteagail 10 agus 12; • na modhanna maoirseachta a bheidh le cur i bhfeidhm ag na húdaráis náisiúnta sábháilteachta agus na modhanna faireacháin a bheidh le cur i bhfeidhm ag na gnóthais iarnróid, ag na bainisteoirí bonneagair agus ag na heintitis a bhfuil cúraim na cothabhála orthu; • na modhanna chun measúnú a dhéanamh ar leibhéal sábháilteachta agus ar fheidhmiú sábháilteachta na n-oibreoirí iarnróid ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais; • na modhanna chun measúnú a dhéanamh ar bhaint amach na spriocanna sábháilteachta ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais; agus • aon mhodh eile a chumhdaíonn próiseas de chuid an chórais bainistíochta sábháilteachta is gá a chomhchuibhiú ar leibhéal an Aontais.
Airteagal 6a (ón 28 Bealtaine 2020 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2020)	Ailíniú na Modhanna Comhchoiteanna Sábháilteachta leis na sprioc-amanna trasuí leasaithe le haghaidh Threoir (AE) 2016/798. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 27, chun dátaí chur i bhfeidhm na ngníomhartha tarmligthe a glacadh faoi Airteagal 6(6) a ailíniú leis an sprioc-am trasuí a leagtar amach in Airteagal 33(2a). Tá feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 27a maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun an Airteagail seo.
Airteagal 7(6) i gcomhcheangal le hAirteagal 7(1)	Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 27, a bhaineann le hinneachar na Spriocanna Comhchoiteanna Sábháilteachta agus go háirithe leis an méid seo a leanas: • rioscaí aonair a bhaineann le paisinéirí, le baill foirne lena n-áirítear fostaithe agus conraitheoirí, le húsáideoirí crosairí comhréidhe agus le daoine eile, agus, gan dochar do rialacha dliteanais náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ann cheana féin, rioscaí aonair a bhaineann le treaspásóirí; • rioscaí sochaíocha.

D'fheidhmigh an Coimisiún a chumhachtú faoi Airteagal 6(6) de Threoir (AE) 2016/798 trí na gníomhartha seo a leanas a ghlacadh:

a) Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/761 ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2018 lena mbunaítear modhanna comhchoiteanna sábháilteachta maidir le maoirseacht a dhéanann údaráis náisiúnta sábháilteachta tar éis deimhniú aonair sábháilteachta nó údarú sábháilteachta a eisiúint de bhun Threoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán ón gCoimisiún[3], agus

b) Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/762 ón gCoimisiún an 8 Márta 2018 lena mbunaítear modhanna comhchoiteanna sábháilteachta maidir le ceanglais i ndáil le córas bainistíochta sábháilteachta de bhun Threoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1158/2010 agus (AE) Uimh. 1169/2010 ón gCoimisiún[4].

Leis na Rialacháin Tharmligthe seo leagtar amach taca modhanna comhleanúnacha ar cheart iad a chomhtháthú sna Modhanna Comhchoiteanna Sábháilteachta chun an tsábháilteacht a ráthú agus a fheabhsú tríd an maoirseacht a dhéanann na húdaráis náisiúnta sábháilteachta agus trí leagan síos na gceanglas i ndáil le córais bhainistíochta sábháilteachta. Déantar an méid seo ar chaoi gur féidir na seirbhísí iompair d'iarnród a éascú, a fheabhsú agus a fhorbairt laistigh den Aontas agus le tríú tíortha agus páirt a ghlacadh i dtabhairt i gcrích an limistéir aonair iarnróid Eorpaigh agus i mbaint amach an mhargaidh inmheánaigh de réir a chéile.

D'fheidhmigh an Coimisiún a chumhachtú faoi Airteagal 6a de Threoir (AE) 2016/798 trí Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/782 ón gCoimisiún an 12 Meitheamh 2020 a ghlacadh, lena leasaítear Rialacháin Tharmligthe (AE) 2018/761 agus (AE) 2018/762 a mhéid a bhaineann lena ndátaí cur i bhfeidhm, tar éis don sprioc-am trasuí le haghaidh Threoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a bheith fadaithe[5].

Thug an Rialachán Tarmligthe sin an rogha do na Ballstáit fadú a chur leis an sprioc-am chun forálacha áirithe de Rialacháin Tharmligthe (AE) 2018/761 agus (AE) 2018/762 ón gCoimisiún a chur i bhfeidhm, mar gheall ar na himthosca urghnácha a bhaineann le ráig COVID-19.

Níor fheidhmigh an Coimisiún a chumhachtú faoi Airteagal 7(6) de Threoir (AE) 2016/798.

4. Conclúid

Comhlíonann an Coimisiún, trí bhíthin na tuarascála seo, an oibleagáid tuairiscithe atá air de bhun Airteagal 27(2) de Threoir (AE) 2016/798.

Iarrann an Coimisiún ar an gComhairle agus ar Pharlaimint na hEorpa an tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire.

[3] IO L 129, 25.5.2018, lch. 16
[4] IO L 129, 25.5.2018, lch. 26
[5] IO L 188, 15.6.2020, lch. 14